Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**12018/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0049(COD)**

**CODEC 1648**
**MI 678**
**ENT 129**
**COMPET 769**
**CHIMIE 54**
**AGRILEG 341**
**IND 354**
**ENV 768**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1009 a mhéid a bhaineann le lipéadú digiteach tháirgí leasacháin AE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 27 Feabhra 2023, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh, atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 14 Meitheamh 2023[2].

3. An 12 Márta 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint, a tarchuireadh chuig an gComhairle an 11 Iúil 2024 tar éis bailchríoch dhlítheangeolaíoch a bheith curtha air[3], an comhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis.

1 6896/23 + ADD 1-5.
2 IO C 293, 18.8.2023, lch. 108.
3 12017/24.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, mar a leagtar amach in PE-CONS 13/24 é, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

5. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.